Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0359(COD)**

**14828/1/22**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 1757**
**CYBER 367**
**TELECOM 463**
**CSC 526**
**CSCI 174**
**DATAPROTECT 317**
**JAI 1475**
**MI 828**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (an Dara Treoir NIS) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ó Phoblacht na Cróite**

Ba mhaith le Poblacht na Cróite a chur in iúl go dtacaíonn sí go hiomlán le glacadh na Treorach maidir le bearta chun leibhéal ard cibearshlándála a áirithiú ar fud an Aontais (an Dara Treoir NIS).

Mar sin féin, is mian le Poblacht na Cróite a míshásamh leis an leagan teanga reatha Cróitise den Treoir a athdhearbhú, i.e. leis an leagan coibhéiseach Cróitise den téarma Béarla 'cyber' agus a n-eascraíonn uaidh sa Chróitis[1], ceist atá tarraingthe anuas againn ar bhonn leanúnach ar go leor leibhéal laistigh den Chomhairle le blianta beaga anuas.

[1] Is é 'kibernetički' an téarma coibhéiseach a úsáidtear i reachtaíocht na Cróite ach is é 'kiber-' an téarma a úsáidtear sa Dara Treoir NIS.

Is ábhar mór imní do Phoblacht na Cróite le blianta beaga anuas go bhféadfadh éiginnteacht dhlíthiúil teacht as an leagan reatha Cróitise den Treoir. Eadhon, sa leagan reatha Cróitise den Treoir, baintear úsáid as téarmaíocht nach ann di i reachtaíocht na Cróite maidir leis an gcibir-réimse agus san úsáid ghairmiúil, rud a chruthaíonn mearbhall agus a bhaineann an bonn de dheimhneacht dhlíthiúil, de chomhleanúnachas dlíthiúil agus de shoiléireacht dhlíthiúil.

Athdhearbhaíonn Poblacht na Cróite a seasamh gur cheart an téarmaíocht a úsáideann institiúidí an Aontais a ailíniú leis an téarmaíocht dhlíthiúil náisiúnta atá in úsáid cheana d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú.

Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí don chibearspás oscailte, saor, cobhsaí agus slán a chur chun cinn agus leanann sí de bheith ag tacú le glacadh an Dara Treoir NIS.